SAGART NUA AS ÁRAINN: FÁILTE MÓR ROIṀE AḂAILE

I LÁṪAIR NA HUAIRE TÁ AN TAṪAIR PÁDRAIG Ó TUAṪAIL, S.M.A., A OIRNÍOḋ AR AN 16ú LÁ DE ṀÍ NA NOLLAG, AR AIS I GCLIARSCOIL, DROM AN TSLIAIN, IÚR CINN TRÁ, CO. AN DÚIN, TARÉIS MÍ A ĊAIṪEAṀ INA ḂAILE DÚĊAIS IN INIS MÓR, ÁRANN.

Agus go ceann fada an lá beiḋ cuiṁne ṡona aige ar an ḃfáilte íontaċ a fuair sé ar dul aḃaile—fíor-fáilte Árannaċ. Ní naċ íonaḋ é go raiḃ muinntir an oileáin bródúil, mar ag filleaḋ arais ċugta ḃí an ċéad sagart dúċais as Inis Mór le suas le leaṫ-ċéad bliana.

B'é an Dr. Sár Oirṁ. Ó Doċartaiġ, Easbog Droim Móir, a ḃronn an sagartóireaċt ar an Aṫ. Ó Tuaṫail in Árd-Eaglais Iúr Cinn Trá, agus ḃí slua as Árainn i láṫair. Ina measc, ḃí Bríd Bean Uí Ṫuaṫail, máṫair an Aṫ. Pádraig — ní féadfaḋ a aṫair a ḃeiṫ i láṫair toisc é a ḃeiṫ breóite ag an am san.

LE SOLAS NA GEALAÍ

I ḃfad sul a ṫug an tAṫ. Pádraig aġaiḋ ar Oileáin Árann ḃí na hoileánaiġ uile ag ullmú go díograiseaċ ċuige. Ḃí tuitim na hoíċe ann nuair a ṡrois sé caṫair na Gaillime ar a ṫuras andeas ó'n tlúr. Ḃí slua ann ag feiṫeaṁ leis. Tar éis sos beag sa ċaṫair rinneadar ar Ros a' Ṁíl, i gConamara. Ḃí leaṫ-ġála gaoiṫe aniar aduaiḋ ag séideaḋ agus, níos measa fós, ḃí sé 'na ḋiaiḋ-ṫrá ann. Mar sin ḃí orṫa dul i gcurraċ amaċ don tráiléar a ḃí ag fanúint leo agus ḃí an taoille có h-íseal san go raiḃ orṫa léim ṁaiṫ a ċaiṫeaṁ síos san ċurraċ. Aċ ḃí lán gealaí ann agus ar ndóiġ níl aon ċrogall i loċán Ros a' Ṁíl! Ḃí comóraḋ mór leis ag imeaċt dó as mórṫír Ċonamara.

Ḃí na tonntraċa cuíosaċ garḃ agus iad ag dul i dtreó an Oileáin. Le linn dóiḃ ḃeiṫ ag déanaṁ ar Ċill Rónáin scaoileaḋ roicéidí guaise amaċ ós cionn an ċuain. Is beag duine lúfar san oileán naċ raiḃ ar an gcéiḃ ag a ḋeiċ an oíċe san. Ḃí fúdar faoi gaċ éinne. Go déarfa, ba ócáid stairiúil agus raḋarc suntasaċ é an scuaiḋrín gluaisteán a ġluais de ṡiúl oíċe ó ċéiḃ Ċill Rónáin go Ċeann Ṫiar an Oileáin. Ċuaiġ a raiḃ de ġluaisteáin san oileán sa tionlacan. Ar ṫosaċ an ṁórṡiúil ḃí ceiṫre ġluaisroṫar. Ina ḋiaiḋ. ḃí suas le scór gluaisteán agus cúpla trucail ar a raiḃ ceoltóirí. Ḃí an toileán féin ar lasaḋ — blaḋaire lasraċ ar gaċ cnocán, brataċa agus buintíní ar na tiṫe. Fan an ḃealaiġ ḃí broscáin de na daoine a mbéigean dóiḃ fanúint i ḃfeiġil na dtiṫe, cruinn le gáirdeaċas a ḋéanaṁ dó ag gaḃáil tar ḃráid.

Ḃí an tionlacan féin có corr leis an ócáid a spreag é. Ní ḃeaḋ fáil ar a leiṫéid san Oileán dornán blianta ó ṡoin.

SAṀALTAĊ

Ḃí sreangáin buintíní sínte idir ḃarra maidí ráṁa gaċ cúpla céad slat. Ḃí na maidí seo saṁaltaċ ar ḃealaċ. Iascaire paiteanta a ḃí san Aṫair Pádraig féin: agus guiḋimíd go leanfaid an tréiṫ sin leis 'na ġairm mar misinéir -- iascaire anamnaċa. Nuair a sroiseaḋ ceann scríbe taca a 11 a' ċlog, ċan cór na scoile aṁráin fáilte. Ar an árdán a ḃí tógṫa in aice a ṫí cuireaḋ fáilte ḃeag ḟoirmiúil roiṁe.

CÉAD AIFREANN

Ḃí Séipéal Eoġanaċta lán go doras maidin lá ar na ṁáraċ nuair a léiġ an tAṫair Ó Tuaṫail a ċéad Aifreann, agus ina ḋiaiḋ ṫug a ḃeannaċt do gaċ éinne a ḃí i láṫair. Is fada ó ḃí oiread ceiliúraḋ agus áṫas ar ṁuinntir na hÁrann.



Mac do Ṁáirtín agus Bríd Ní Ṫuaṫail, Bungaḃla, an tAṫair Pádraig. Fuair sé a ċuid oideaċais i Scoil Eoġanaċta agus i gColáiste Ṡeosaiṁ Naofa i nGailliṁ sar a ċuaiġ sé le sagartóireaċt. 'Na ḋiaiḋ sin ḃí sé i gColáiste an Ċroí Ró Naofa, Béal an Ḟada, Co. Ṁuiġeo, agus Coláiste Ċill Colgáin i gCo. na Gaillime. Ansin ċuaiġ sé go Coláiste Ollscoile Ċorcaí, áit 'na ġnóṫaiġ sé céim B.A. le honóraċa san mbliain 1961. Ó ṡoin tá sé i gCliarscoil Drom an tSiain, áit 'na ḃfuil Diaċt á staidéar aige. Beiḋ sé ann go dtí an Saṁraḋ seo ċugainn.

Is ball é de Ċumann na Misiún ċun na hAifrice (S.M.A.) Easbog Frainnceaċ, an Mgr. de Marion-Bresillac, D.D., a bunaiġ an tOrd sin sa Frainnc san mbliain 1856, agus iompú ṁuinntir na hAifrice ċun an Ċreidiṁ mar aidhm aige. Nuair naċ raiḃ aċ dornán sagairt aige, ċuaiġ an tEasbog féin, triúr sagairt agus beirt ḃráṫair go dtí Sierre Leone, ar ċósta ṫiar na hAifrice san mbliain 1859. Aċ ar ṡroisint ann, ḃí galar uafásaċ—an fiaḃras buí—go foirleaṫan sa ċeantar. Taoḃ istiġ de coicís, ḃí an tEasbog agus a ċó-ṁisinéirí go léir marḃ. Ní raiḃ fágṫa de'n Ord nua aċ cúpla ball sa Frainnc ,aċ nuair a ċuala an Pápa Pius IX an scéal, dúirt: "Molaḋ le Dia, mairfiḋ an obair . . . mairfiḋ an obair!" Agus do ṁair. Inniu, tá suas le 1,700 baill san S.M.A. agus an tAṫair Pádraig Ó Tuaṫail as Inis Mór Árann ina measc — iad ag leanúint lorg na misinéirí a d'imiġ rómpa. Beiḋ an tAṫair Pádraig féin ag dul go dtí iarṫair na hAifrice i mí Deire Fóṁair seo ċugainn. Iarraimíd ar ár léiṫeoirí uile paidir a rá go n-éireóċfaiḋ go geal leis in a ġairm naofa mar Sagart Dé "i ḃfíongort an Tiarna" san Aifric i gcéin.

FANAID

Beiḋ Fanaid ag dul ar aġaiḋ i gcúrsaí turasóireaċta agus áilleaċta nuair a ḃéas an boṫar cósta úr ag Cnoc Ealla críoċnaiṫe. Stadaḋ den obair roiṁ Nollaig aċ táṫar a' meas go dtosnóaiḋ sé arís ag tús an Ṁárta agus go mbeiḋ sé críoċnaiṫe roiṁ ṡéasúr na turasóireaċta i Meiṫeaṁ. Beiḋ boṫar an ċósta anseo mar Fáinne Ḟanada agus tá daoine anseo a deir go ḃfuil sé lán coṁ deas ar a laġad le Fáinne Ċiarraí. Nuair a stadaḋ den obair ḃí sé coṁ fada le Maċaire Ḃardan, timpeall dá ṁíle ó óstán Port Sálainn. Raċaiḋ an bealaċ ar aġaiḋ go dtí teaċ soluis Araċ Ṫiara agus tiġ leis na turasóirí teaċt arais fríd Ċionn Droma agus Ros na Cille ar ċósta na Maolruaiḋe.

Ḃí an cruinniú cinnḃliana de Ċumann Ċaṫal Ó Dalaiġ de Ḟianna Fáil, Cionn Droma, i dteaċ Uí Ṁionáin, Ladan. Ḃí Niall Ó Bléine, T.D., Aire Rialtas Áitiúil agus Seán Ó hEarcain, Co.C., Baile na nGallóglaċ i láṫair nuair a tógaḋ na h-oifigí seo —Caṫaoirleaċ, Seán Ó Daoini, Baile Ċiaráin; leas-ċaṫaoirleaċ, Donnċaḋa Ó Friġil, Rinn Ḃuí; rúnaí, Miċeál Ó Mionáin, Ladan; cisteoirí, Ian Mac Giolla Ċearra, Tulaċ Ċonaill agus Anraoi Mac Giolla Ḃuí. Ag labairt leis na baill dúirt an tUasal Ó Bléine go dtosnóiḋ an obair ar scéim réagúnaċ uisce Ḟanaid go luaṫ i mí na Bealtaine agus d'ḟógair sé fosta go raḃ scéim na dtiṫe gloine do na trátaí a leaṫnú go Fánaid. Cuireaḋ rún coṁḃróin i ḃfeidhm le Seán Ó Daoini agus le gaolta Anraoí Ó Bléine Baile an Áṫa, agus Gearóid Ó Gallċoḃair, Baile na nGalliglaċ.

Ḃí neart ceannaċóirí ag aonaċ Ceaṫrú Caol agus ḃí na luaċa, ar a laġad, coṁ maiṫ agus a ḃí le tamall. Ní raḃ mórán eallaċ bainne á dtairiscint agus ċuaiġ an ċuid a b'ḟearr acu suas le £75 agus an dara grád ó £55 go £65. Ċuaiġ beiṫiḋ stóir, idir 2 agus 3 bliana, ó £70 suas, ⁊ ó ḃliain go dá ḃliain suas go £65. Ní raḃ mórán muca ar tairiscint.

Coṁġáirdeaċas le Comp. Baile na nGallóglaċ, an 24ú Caṫ. de F.C.A. a ḃain arís i gcomórtaisí treasna tíre de Ċeannas an Iarṫair ag Uarán Mór. ,

Tá Anraoi Ó Siaġail, Baile Ṫuairisce, gearfar sealadaċ den Ċoṁairle Condae i ḃFanaid agus Raṫ Maoláin ḟad agus atá Séamas Ó Daoini as láṫair.

Cúis bróin ins an ċeanntar ⁊ fríd Ḟanaid ar fad bás Ṡeáin Uí Ḃaoiġill, Céideaḋ, Ros na Coille. Fuair sé bás ins an ospidéal condae i Leitir Ceanainn. Ní raḃ sé aċ cúpla bliain os cionn na dtrí scór agus fear ciúin soċair a b'ea é agus ḃí árd ṁeas air féin agus ar a ṫeaġlaċ. Ċuaiġ an tórraṁ ó Ṫeaċ Pobail Naoṁ Daḃadóg go dtí an roiliġ. An tAṫair P. Mac Daid, S.C., Taṁnaí, a léiġ Aifreann na Marḃ agus an tAṫair S. Ó Gallċoḃair, S.C., Ros na Coille, adúirt na paidreaċa ag an uaiġ. Níṫear coṁḃrón lena ḋaoine múintearṫa.

TAOIDE BARRLÁN

Figiúirí fé 12 ar maidin; os cionn 12 tráthnóna.

Dáta	Ard Na Caithne		Carna		Ára Mhór	
20-2-65	8.49	21.17	8.06	20.34	7.11	19.27
21	9.31	21.59	8.48	21.16	7.50	20.08
22	10.17	22.47	9.34	22.04	8.31	20.52
23	11.12	23.46	10.29	23.03	9.16	21.43
24	——	12.23	11.40	——	10.11	22.48
25	1.02	13.51	0.19	13.08	11.26	——
26	2.26	15.13	1.43	14.30	0.12	12.50

TIṪE D'ḞEIRMEOIRÍ FAOI LUAĊAIL £5

ḊIULTAIĠ COṀAIRLE CO. ḊÚN NA NGALL IAD A ṪÓGÁIL

Sa Dáil, d'ḟiafraiġ Pádraic Ó Doṁnaill, T.D. (Tírċonaill Ṫiarṫeas) den Aire Rialtas Áitiúil, an raiḃ ḟios aige faoi scéim tógála tiṫe do feirmeoirí beaga le luaċáil faoi £5. Ḋiúltaiġ Coṁairle Co. Ḋún na nGall a leiṫéid de tiṫe do ṫógáil muna mbeaḋ an ċuid is mó de ioncum an iarratóra ag teaċt as feilméireaċt. Agus ós rud é naċ dtiocfaḋ le feilméar le luaċáil faoi £5 an ċuid is mó dá ioncum a ṫeaċt ó ḟeirmeoireaċt, an ḃféadfaḋ sé leis an scéim a leasú.

Dúirt an tUasal Ó Bléiniġ, T.D., Aire Rialtas Áitiúil gur ḃain an scéim speisialta seo le daoine a ḃí i seilḃ gaḃaltaisí talṁaíoċta faoi luaċáil £5 agus a ḃí ag fáil cuid ṁaiṫ dá ngléas beaṫa óna gaḃaltaisí. Ní ḟágfaḋ sé seo amuiġ feirmeoirí le luaċáil faoi £5 a ḃí ag cur lena dteaċt isteaċ óna gaḃaltaisí ar ḋóiġeanna eile. Agus dúirt sé gur cuireaḋ é seo in iúl do Ċoṁairle Condae Ḋún na nGall.

Pádraic Ó Doṁnaill — An ndéanfaiḋ an tAire níos soiléire cé acu caiṫfiḋ an ċuid is mó de ṫeaċt isteaċ an ḟeirmeora a ḃeiṫ ag teaċt ó ṡaoṫrú talṁaíoċta. Mar tá ḟios ag an Aire, ní ṫiocfaiḋ le feirmeoir le luaċáil faoi £5 a ḃeiṫ ag fáil an ċuid is mó dá ṫeaċt isteaċ ó ṫalaṁ.

Niall Ó Bléine — Ṫiocfaḋ leis, ó ḟeirm duine eile mar is gnáṫ.

Pádraic Ó Doṁnaill — Má ṫéann sé ag obair ar an ḃealaċ mór mar oibrí le cur lena ṡaoṫrú, an ḃfuil sé i gceart?

Niall Ó Bléine — San ċuid is mó de na cásanna, sílim go ḃfuil. ,

Pádraic Ó Doṁnaill — Tá mé buíoċ don Aire as a ḟreagra.

CÍARÓ RADIO

Dé hAoine—5.01, The Spanish Musket. 5.30, Songs With Guitar. 5.45, Seaports, Ships and Cargoes. 5.55, Weather Forecast. 6.1, Nuacht agus Caint na hAoine. 6.20, Announcements. 6.25, Focal on Dochtuir. 6.45, Sports Stadium. 7.30, Break For Music. 8.1, A Harp Through Six Centuries. 8.15, A Munster Journal. 8.45, La An Choca Feir. 9.1, Symphony Concert. 10.30, Around the Town.

Dé Sathairn — 2.55, Rugby: Scotland v. Ireland. 3.35, Racing: Leopardstown Chase. 3.50, Rugby (Continued). 4.30, After the Match. 5.1, Organ Tunes. 5.15, Junior Sports Magazine. 5.55, Weather Forecast. 6.1, Nuacht agus Caint an tSathairn. 6.20, Announcements. 6.45, Who's News? 7.15, Song Bag. 7.45, Conversations With Missionaries. 8.1, Dear Sir or Madam. 8.30, The Maureen Potter Show. 9.1, The R-E-L-O Show. 9.45, Good Evening, Friends! 10.30, Ceili House. 11.0, Unforgettable.

Dé Domhnaigh—10.25, Weather Forecast. 10.30, High Mass. 12.30, An tAifreann agus an Pobal. 1.0, The Maureen Potter Show. 1.35, Provincial News Round-up. 2.0, Town Hall To-night. 2.45, Ceolta Tire. 2.55, Topic. 3.25, G.A.A. Railway Cup Football Semi-final: Leinster v. Connacht. 4.50, Ceol Do Phaisti. 5.30, Down the Country. 5.55, Weather Forecast. 6.1, Nuacht Anall, Nuacht Abhfus. 6.25, Appeal. 6.40, Soccer Survey. 6.50, Newspoint. 7.10, An Sagart Linn. 7.15, The Seventeen Club. Three Radio Plays: 8.0, I Am In A Cupboard. 8.40, The Visitor. 8.58, A Bird Bath in the Middle. 9.30, The Yeats We Knew. 10.0, Gaelic Sports News. 10.30, Music of the Nation. 11.0, Recital.

Dé Luan—5.1, The Adventures of Nunthumps. 5.15, Amhrain Do Phaisti. 5.30, As You Like It. 5.55, Weather Forecast. 6.1, Nuacht agus Caint an Luain. 6.20, Announcements. 6.45, Ireland's Top Ten. 7.15, Requests from the Irish Troops Overseas. **Athlone Wavelength:** 7.30, Fleadh Ceoil an Radio. 8.1, Who Buried Sir John Moore? 8.30, Preacher and Poorman. 8.45, Poetry Anthology. 9.1, Aeriris. 9.30, Field and Farmhouse. **Dublin & Cork Wavelengths:** 7.30, Opera: Il Conte Ory. **All Wavelengths:** 10.30, Ceili Music from Munster. 10.45, City Newsreel.

Dé Mart—12.0, The Cardinal Returns From Rome. 5.1, Junior Red Cross Shrove Party. 5.30, Ar Fud na Tire. 5.55, Weather Forecast. 6.1, Nuacht agus Caint na Mairte. 6.20, Report on Attested Store Cattle Sales; Announcements. 6.45, A Job of Journeywork. 7.15, This Is Your Business. 7.45, The Radio Eireann Singers. 8.1, A Woman's World. 8.30, Vivaldi. 9.0, Armagh. 9.50, Records. 10.30, Today in the Dail. 10.45, The Prieur Instrumental Ensemble. 11.15, Thanks for the Memory.

Dé Ceadaoin — 5.01, Twizzle and Scudge. 5.15, Records For Children. 5.30, Junior Magazine. 5.55, Weather Forecast. 6.1, Nuacht agus Caint na Ceadaoine. 6.20, Cattle Market Report; Announcements. 6.45, Merry-Go-Round. 7.30, Favourite Records of Famous People. 8.1, Gardening Magazine. 8.30, Farmers' Forum. 9.1, New Music from Belgium, Germany and Japan. 9.45, Guth Aduaidh. 10.30, Today in the Dail. 10.45, Came the Dawn. 11.0, Record Report.

Deardaoin — 5.01, An Ceol-Fhoireann Aerach. 5.25, Peter and the Wolf. 5.55, Weather Forecast. 6.1, Nuacht agus Caint na Deardaoine. 6.20, Announcements. 6.25, Here's the Doctor. 6.45, Fleadh Ceoil an Radio. 7.15, Annso Is Annsud sa Mhumhain. 7.30, Saint Hubert's Day. 8.1, Disc Likes and Dislikes. 8.30, Between Ourselves. 9.1, My Life As a Super-Tramp. 9.15, Masters and Moderns. 9.45, Bas Gan Sagart. 10.30, Today in the Dail. 10.45, Recital.

CÁ ḂFUIL AN GAELTAĊT?

,Sa Dáil, d'ḟiafraiġ Fiontan Ó Cuagáin, T.D., de Aire na Gaeltaċta, an ndéanfaḋ sé soiṁriú ar na ceantair Gaeltaċta. A. i gceantar urbaċ Caṫair na Gaillime; agus B, i gceantar Coṁairle Condae na Gaillime.

D'ḟreagair Seoirse Ó Colla, T.D., ṫar ċeann Aire na Gaeltaċta — Tá an t-eolas sin le fáil in ordú na limistéirí Gaeltaċta, 1956, agus in Aċt na dTiṫe Gaeltaċta, 1929.

Muintir na Gaeltaċta a d'ḟoillsiġ. "Democrat," Tír Ċonaill, ċlóḃualaḋ.